Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Feabhra 2025 (OR. en)**

**6317/25**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0030(NLE)**

**ECOFIN 167**
**UEM 64**
**FIN 211**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Feabhra 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 56 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 11046/21 INIT; ST 11046/21 ADD 1) an 8 Meán Fómhair 2021 maidir leis an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann a fhormheas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 56 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 56 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.2.2025
COM(2025) 56 final

2025/0030 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 11046/21 INIT; ST 11046/21 ADD 1) an 8 Meán Fómhair 2021 maidir leis an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann a fhormheas**

GA GA

2025/0030 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 11046/21 INIT; ST 11046/21 ADD 1) an 8 Meán Fómhair 2021 maidir leis an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann a fhormheas

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bhrí:

(1) Tar éis d'Éirinn an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a thíolacadh an 28 Bealtaine 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. D'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021[2]. Leasaíodh an Cinneadh Cur Chun Feidhme sin ón gComhairle an 14 Iúil 2023[3], an 8 Nollaig 2023[4] agus an 21 Meitheamh 2024[5].

(2) An 31 Eanáir 2025, rinne Éire iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún freisin togra a dhéanamh chun Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag Éirinn.

*Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241*

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir Éire isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le seacht mbeart.

(4) Mhínigh Éire go ndearnadh seacht mbeart a leasú chun rogha mhalartach níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus cuspóirí an bhirt lena mbaineann á mbaint amach san am céanna. Baineann sin le cloch mhíle 4 faoi

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.
[2] ST 11046/21 INIT; ST 11046/21 ADD 1
[3] ST 11336/23 INIT
[4] ST 15965/23 INIT; ST 15965/23 ADD 1
[5] ST 10262/24 INIT; ST 10262/24 ADD 1

bheart 1.2 (Dlús a chur le Dícharbónú na hEarnála Fiontraíochta) agus clocha míle 15, 18 agus 21 faoi bheart 1.4 (An leictriú amach anseo a éascú trí infheistíocht spriocdhírithe in iarnród comaitéireachta Chorcaí) faoi Chomhchuid 1 (An tAistriú Glas a Chur Chun Cinn), sprioc 75 faoi bheart 2.7 (Aghaidh a thabhairt ar an mbearna dhigiteach agus scileanna digiteacha a fheabhsú) faoi Chomhchuid 2 (Dlús a chur le hAthchóirithe Digiteacha agus Aistriú Digiteach agus iad a Leathnú), chomh maith le cloch mhíle 90 faoi bheart 3.4 (Bacainní Rialála ar an bhFiontraíocht a Laghdú), cloch mhíle 100 faoi bheart 3.7 (Pinsin) agus cloch mhíle 106 faoi bheart 3.9 (Sláinte), faoi Chomhchuid 3 (Téarnamh Sóisialta agus Eacnamaíoch agus Cruthú Post). Ar a bhonn sin, d'iarr Éire na clocha míle agus na spriocanna thuasluaite a leasú. Thairis sin, d'iarr Éire leasú a dhéanamh ar an tuairisc ar bheart 1.2 (Dlús a chur le Dícharbónú na hEarnála Fiontraíochta) faoi chomhchuid 1 (An tAistriú Glas a Chur Chun Cinn); ar an tuairisc ar bheart 2.7 (Aghaidh a thabhairt ar an mbearna dhigiteach agus scileanna digiteacha a fheabhsú) faoi chomhpháirt 2 (Dlús a chur le hAthchóirithe Digiteacha agus Aistriú Digiteach agus iad a Leathnú) agus ar an tuairisc ar bheart 3.8 (Soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne a mhéadú) faoi chomhpháirt 3 (Téarnamh Sóisialta agus Eacnamaíoch agus Cruthú Post). Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(5) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag Éire, go bhfuil údar maith leis na leasuithe de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241, agus gur cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú dá réir.

*Ceartúcháin ar earráidí cléireachais*

(6) Sainaithníodh dhá earráid chléireachais i dtéacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, lena ndéantar difear d'aon chloch mhíle amháin agus d'aon bheart amháin faoi chomhchuid amháin. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach léiríonn ábhar an phlean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 28 Bealtaine 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus Éire. Baineann na hearráidí cléireachais sin le cloch mhíle 17 agus leis an tuairisc ar bheart 1.4 (An leictriú amach anseo a éascú trí infheistíocht spriocdhírithe in iarnród comaitéireachta Chorcaí) faoi chomhpháirt 1 (An t-aistriú glas a chur chun cinn). Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

*Measúnú an Choimisiúin*

(7) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

(8) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir Éire chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle in 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na hÉireann i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d), (da), (db), (e), (f), (g), (h), (i), (j) agus (k).

*Measúnú dearfach*

(9) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go comhlíonann an

plean téarnaimh agus athléimneachta na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme, na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-iníoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, a leagan amach.

***Ranníocaíocht airgeadais***

(10) Is é EUR 1 163 158 300 costas iomlán measta Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta leasaithe na hÉireann. Ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil d'Éirinn, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 20(4) arna leithdháileadh ar Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta leasaithe na hÉireann a bheith comhionann le EUR 1 153 797 007. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a cuireadh ar fáil d'Éirinn.

(11) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle (ST 11046/21) an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na hÉireann a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin ó gComhairle a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'Airteagal 1

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe na hÉireann ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na clocha míle agus na spriocanna ábhartha, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na gcloch míle agus na spriocanna beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

*Airteagal 2*
*Seolaí*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na hÉireann.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*